Scéal Chnoc Mhuire

Triúr Cuairteoirí

Ar thráthnóna Déardaoine, an 21 Lúnasa 1879 a thosaigh an scéal seo i mbaile beag tuaithe, An Cnoc, i gCo. Mhuigheo. Bhí muintir an bhaile gnóthach i mbun a dtascanna laethúla. Bhí Patrick Hill agus a chairde John Durkan agus Dominic Beirne (Sinsear) ag dul ar an bportach. Ní raibh Judith Campbell ach taréis na héadaí a chrochadh amach ar an líne le triomú. Bhí fear an phoist stopaithe taobh amuigh de bhothán muintir Uí Bheirne le dreas cainte a bheith aige le muintir an tí.

Bhí beirt cholceathracha, Johnny Curry (pic ar chlé) agus Catherine Murray ina seasamh taobh amuigh agus iad ag éisteacht lena Mamó. Ar iompú do bhoise, rith na páistí leo, cos nocht tríd an bhféar agus iad ar thóir na sméara dubha aibí a bhí ag fás ar na sceacha

In áit eile ar an mbaile chuaigh Mary dlúth chara, Margaret Beirne, a bhí séipéal liath a bhí ar an mbaile. Bhí an seanfhear, Patrick leath dhoras a bhotháin agus é ag caitheamh a phíopa cainte leis na comharsana a bhí ag dul thar braid. Sular thit tharla rud éigin a chiallódh nach mbeadh saol na ndaoine Chnoic mar a chéile go deo arís.



McLaughlin ar cuairt ag a ina cónaí gar don sean Walsh, ina shuí le hais tabac. Rinne sé píosa an dorchadas, áfach, seo ná saol bhaile an

Thug Mary Beirne faoi deara go raibh solas lonrach, glégheal le feiceáil ar bhinn an tséipéil. Ba ghlésholas a bhí ann," a dúirt siad ian dhiaidh sin, agus las sé binn an tséipéil ó bhun go barr. Ag an am sin bhí cúigéar déag de mhuintir an bhaile a chonaic an t-iontas seo. Go gairid ina dhiaidh sin chonaic siad triúr ina seasamh sa solas: spéirbhean óg agus beirt fhear. Bhí cuma síochánta suaimhneach ar an triúr acu. Tháinig athrú ar an aimsir agus d'iompaigh sé fuar agus fliuch ach choinnigh na daoine ag stánadh ar an bhfís álainn a bhí os a gcomhair amach.

Bhí clóca fada bán a bhí scornach ar an spéirbhean rós gleoite, órga ar a ceann. Catherine an-fhiosrach faoi seo. "An bhfeiceann tú an Mary Beirne, "Bhuel sin í Iosaef a fear céile an

ceangailte ag an álainn agus bhí Bhí Johnny agus na cuairteoirí bhean?" adúirt Muire agus is é seanfhear".

Thóg sé píosa ar na daoine fásta teacht ar réiteach faoi ainm an tríú duine. Bhí hata ard biorrach ar a chloigeann, cosúil le hata an easpaig, agus bhí leabhar ina lámh chlé. Faoi dheireadh d'aontaigh siad go mba é Naomh Eoin Aspal a bhí ann.

Ar chúl na bhfigiúirí seo, bhí altóir timpeallaithe ag sluaite aingeal. Ar an altóir, bhí cros agus uan. Mhínigh na daoine fásta do na páistí go mba é Uan Dé.

Choinnigh an bháIsteach ag titim, ach d'fhan go leor acu ansin ar feadh beagnach trí uair an chloig, fad is a mhair an taispeánadh agus iad ag rá an Phaidrín Pairteach.

Thuairisc na finnéithe, ina dhiaidh sin nach raibh braon uisce le feiceáil ar an talamh faoin áit ina raibh na figiúirí ina seasamh in ainneoin an ghleadhradh báistí. (Scéal ó *I nGrá Dé* Rang a 3)

Ceisteanna:

a) Céard a tharla I gCnoc Mhuire ar an 21 Lúnasa 1879?
b) An bhfuil tú ábalta na figiúirí sa taispeánadh a ainmniú?
c) Cé mhéid duine de mhuintir an bhaile a chonaic an eactra?
d) Cén fath, a gceapann tú, go raibh an talamh faoin áit ina raibh na figiúirí ina seasamh tirim cé go raibh sé taréis a bheith ag gleadhradh báistí?
e) Céard a dhéanfá sa, dá mbeifeá i gCnoc Mhuire an tráthnóna sin I Mí Lúnasa 1879?

Fíricí Spéisiúla Faoi Chnoc Mhuire

- Tá Cnoc Mhuire mar scrín náisiúnta do Mhuire, Máthair Dé le fada an lá.
- Is ionann Cnoc Mhuire sa "*the Hill of Mary*".
- Ar an 19 Márta, 2021, Pápa Proinnsias Cnoc Mhuire oilithreachta idirnáisiúnta
- Tá Cnoc Mhuire aitheanta anois don Eocairist agus Deabhóid do
- Níl aon thaispeánadh eile de an domhain cosúil le Cnoc Mhuire de bhrí go bhfuil Iosaef, Eoin Aspal agus Íosa I bhfoirm Uan Dé i dteannta Mhuire

Bhéarla agus d'ainmnigh an mar láthair mar Shanctóir Mhuire. Mhuire ar fud taispeánadh

- Ní raibh aon chaint le linn thaispeánadh Chnoc Mhuire.
- Tá scrín Chnoc Mhuire lonnaithe in Ard Dheoise Thuama.

- Thóg sé breis agus dhá bhliain an mhósáic atá i mBaisleac Mhuire Chnoc Mhuire a chríochnú
- Tá níos mó ná 1.5 milliún píosa sa mhósáic, agus rinneadh é i mbaile Spilimbergo in aice le Venice san Iodáil
- Tugann a lán daoine cuairt ar Chnoc Mhuire gach bliain, go háirithe le linn an Nóibhéine 9 lá a bhíonn ar siúl gach bliain i Mí Lúnasa.

Cén fáth go dtugann daoine cuairt ar Chnoc Mhuire?

Tugann suas le 1.5 milliún duine as gach coirnéal den domhan cuairt ar an mbaile beag seo i gCo. Mhuigheo gach bliain. Tagann a lán acu mar oilithrigh lena dteaghlaigh, a ndeoise nó grúpaí ón deoise. Tagann siad chun:

- An Choróin Mhuire a rá agus iad ag siúl timpeall an tséipéil ar a facthas an taispéanadh i Mí Lúnasa 1879.
- Turas na Croise a dhéanamh ina n-aonar nó sa mórshiúl
- Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh
- Sacraimint na nEaslán a cheiliúradh
- Freastal ar Aifreann i mBaisleac Mhuire Chnoc Mhuire

- Tá dhá Bhaisleac in Éirinn, ceann i gCnoc Mhuire agus ceann i ?????? (Leid: is in ionad oilithreachta i nDún nan Gall atá an ceann eile).
- Am a thógáil chun urnaí ciúin a dhéanamh ag an scrín nó I Séipéal na Naomh Shacraiminte.

Cuairteoirí tábhachtacha go Cnoc Mhuire

Cuid de na sluaite a thugann cuairt ar Chnoc Mhuire gach bliain

Bíonn an oilithreacht ó Ard Dheoise Bhaile Atha Cliaith go Cnoc Mhuire ar siúl i Mí an Aibreáin gach bliain

Bíonn an oilithreacht ó Dheoise Thuama , faoi stiúir an Ardeaspaig, ar siúl I Mí na Bealtaine gach bliain.

Thug an Pápa Eoin Pól 2 cuairt ar Chnoc Mhuire ar an 30 Meán Fómhair 1979 mar chuid dá chuairt ar Éirinn,

Bhí 450,00 duine i láthair ag an Aifreann a cheiliúir sé. Bhronn sé Rós Óir, a bhronntanas pearsanta féin ar an scrín

Thug N. Treasa as Calcutta cuairt ar Chnoc Mhuire i Mí an Mheithimh 1993. Feicimid anseo í ag guí ag láthair an taispeánadh.Bhí níos mó ná 50,000 duine i láthair

Thug an Pápa Proinnsias cuairt ar Chnoc Mhuire i Lúnasa 2018. Feicimid anseo é ag láthair an taispeánadh.

Thíos, leis an Ardeaspag Mícheal Ó Néaraigh agus an Ath. Richard Gibbons, Sagart Paróiste Chnoc Mhuire.

Buaileann an Pápa Proinnsias le roinnt teaghlaigh.

Paidir do Mhuire Chnoc Mhuire

A Mhuire an Chnoic, Banríon na hÉireann, thug tú dóchas dod mhuintir in am an ghátair agus sólás in am an bhróin. Spreag tú na mílte oilithreacht guí chuig do Mhac mhúirneach le muinín, agus iad ag smaoineamh ar an ngeallúint a thug Sé " Iarraigí, agus tabharfar daoibh,lorgaigí agus gheobhaidh sibh".

Cabhraigh liom go gcoinneoidh mé os mo chomhair gur oilithrigh muid ar fad ar an mbóthar go dtí na Flaithis. Líon mé le grá agus comhbhá do mo dheartháireacha agus mo dheirfiúracha i gCríost, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí liom. Tabhair sólás dom nuair atáim tinn, uaigneach nó in ísle brí. Múin dom conas rannpháirtíocht níos fearr a bheith agam san Aifreann Beannaithe. Cabhraigh liom grá níos mó a bheith agam do Íosa sa Sacraimint ró-naofa. Guí orm anois agus ar uair mo bháis. Áiméan.

***A Bhanríon na Naomh**,*
A Réaltan an Eoil,
Treoraigh an fánaí san fhásach seo deor;
Tá tonnta an tsaoil go tréan leathan romhainn;
Saor sinn ar bhaol, saor ar bhrón.
'Mhaighdean gheal Dé, 'Réaltann an Eoil,
Mise an fánaí úd guigh orm fós.

A Mhaighdean gan small,
A bhanríon na nDúl,
'S tusa ár ndóchas i ngleann seo na ndeor;
O impigh ar Chríost ár sábháil ó bhaol,
Go mbeimíd faoi dheireadh slán sa ghlóir.
'Mhaighdean gheal Dé, 'Réaltan an Eoil,
Mise an fánaí úd, guigh orm fós.
[Hail Queen of Heaven]

Anthem ------- Lady of Knock

There were people of all ages, Gathered round the gable wall,

Poor and humble men and women, Little children that you called.

We are gathered here before you, And our hearts are just the same,

Filled with joy at such a vision, As we praise your name.

Chorus *: Golden Rose, Queen of Ireland, All my cares and troubles cease,*

As we kneel with love before you, Lady of Knock, our Queen of Peace.

Oh, your message was unspoken, But the truth in silence lies,

So, I gaze upon your vision, And the truth I try to find.

*Here I stand with John the teacher, And with Joseph at your side**,***

*And I see the Lamb of God, on the altar glorified**.***

<u>Chorus :</u> ***Golden Rose, Queen of Ireland, All my cares and troubles cease,***

As we kneel with love before you, Lady of Knock, our Queen of Peace.

And the lamb will conquer, And the Woman clothed in the sun

Will shine her light on everyone;

Yes, the Lamb will conquer, And the woman clothed in the sun

Will shine her light on everyone.

<u>Chorus :</u> ***Golden Rose, Queen of Ireland, All my cares and troubles cease,***

As we kneel with love before you, Lady of Knock, our Queen of Peace.